

**Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta
Na Forbacha
Gaillimh**

**Tuairiscí agus Cuntais
don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2022**

Uimhir Chláraithe: 276926

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

**Tuairiscí agus Cuntais
don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig, 2022**

Clár	Lth
Stiúrthóirí agus Eolas eile	1
Tuairisc na Stiúrthóirí	2 - 4
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	5
Tuairisc an Iniúcháirí Neamhspléach	6 - 9
Cuntas ar Bhrabús agus Caillteanas	10
Clár Comhardaithe	11
Nótaí leis na cuntais	12 - 23

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Stiúrthóirí Siubhán Nic Grianna
 Miriam Ní Néill
 Mary Uí Chadhain
 Lís Ní Dhálaigh
 Paddy Glackin (Ceaptha 1ú Eanáir 2022)

Rúnaí Miriam Ní Néill

Uimhir Chláraithe 276926

Oifig Chláraithe Na Forbacha, Gaillimh.
Agus Seoladh Gnó

Iniúcháirí Gilroy Gannon,
 Cuntasóirí Cáirte agus Iniúcháirí Cláraithe,
 Sráid Stiopháin,
 Sligeach.

Dlíodóir Sorchá Ní Odhráin,
 Údarás na Gaeltachta,
 Na Forbacha,
 Gaillimh.

Banc Banc na hÉireann,
 An Fháiche Mhór,
 Gaillimh.

AIB Banc,
Gaoth Dobhair,
Dhún na nGall.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Tuairisc na Stiúrthóirí**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuairisc agus cuntais iniúchta don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2022 i láthair leis seo.

Stiúrthóirí

Is iad na stiúrthóirí a bhí i seilbh oifige i gcaitheamh na bliana ná:

Siubhán Nic Grianna
Miriam Ní Néill
Mary Uí Chadhain
Lís Ní Dhálaigh
Paddy Glackin (Ceaptha 1ú Eanáir 2022)

Príomhimeachtaí

Cuireann Ealaín na Gaeltachta Teo., fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta, seirbhísí agus scéimeanna deontais ar fáil, a thacaíonn le forbairt eagraíochtaí ealaíona agus le healaíontóirí aonarach. Cuidíonn siad le tacaíocht oiliúna agus meantóireachta a chur ar fáil, chomh maith le tacú le tionscnaimh a chabhraíonn le cumas agus infreastruchtúr na n-ealaíon sa Ghaeltacht a thógáil agus a neartú. Anuas ar sin, tá an clár “Cuisle” a riaradh ag Ealaín na Gaeltachta agus maoinithe ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le forbairt chórasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sna healaíona dúchasacha agus san drámaíocht don óige sa Ghaeltacht.

Bhí an comhlacht ag cur i bhfeidhm Plean Straitéise d’fhorbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht 2018–2022, plan a bhí aontaithe le Bord Stiúrtha Ealaíon na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon. Le linn 2022 ceapadh an comhlacht Creative Strategic Solutions <https://dermotmclaughlin.ie/> le Phlean Straitéise d’Fhorbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht 2023-2027 a fhorbairt. Mar pháirt den cur chuige rinneadh athbhreithniú ar thionchar an straitéis 2018–2022 agus bhí próiseas comhairliúcháin leis an bpobal, leis an earnáil agus le geallsealbhóirí le moltaí a fháil i dtreo an straitéis úr cúig bliana. Cuireadh an próiseas iomlán i bhfeidhm in éineacht le foireann agus Brord Stiúrtha Ealaíon na Gaeltachta agus beidh an comhlacht ag cur i bhfeidhm an straitéis 2023-2027 ó Mí Eanáir 2023 ar aghaidh.

Cuireadh deireadh le bliain a trí don chomhaontú trí bliana atá aontaithe leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, a bhronn €1.275m ar Ealaín na Gaeltachta chun tacú le clár gníomhaíochtaí trí bliana sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga a chur chun cinn ar fud na Gaeltachta. D’fháiltigh teagascóirí agus rannpháirtí roimh an deis filleadh ar ranganna beo don bhliain iomlán agus d’fhreastail 2,077 rannpháirtí ar ranganna sna Gaeltachtaí go náisiúnta. Anuas ar sin, le tacaíochta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, rinneadh taighde i dtreo clár drámaíochta don óige, cuireadh tús le clár oiliúna do theagascóirí agus fógraíodh Scéim Tacaíochta don Amharclannaíocht Óige ag díriú ar an aoisghrúpa 12-18 bliain. Cuireadh iarratas do chlár maoinithe 3 bliana eile faoi bhráid na Roinne le linn na bliana le tacú le Ealaín na Gaeltachta leanúint leis an clár gníomhaíochtaí do na healaíon dúchasacha agus an drámaíocht don óige sa Ghaeltacht ar feadh trí bliana eile ó 2022-2025.

Fógraíodh Scéimeanna 2022 Ealaín na Gaeltachta agus ceadaíodh iomlán an bhuiséid a bhí measta do na scéimeanna sin in 2022. Cuireadh béim faoi leith ar chúrsaí oiliúna i 2022 le cumasú a

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

dhéanamh ar chinnirí, ealaíontóirí, áisitheoirí agus eagrais ó thaobh dea-chleachtas agus gnéithe sonracha dá ngairm agus cuireadh ceardlanna airgeadais, cánach agus poiblíochta ar fáil d'ealaíontóirí aonair agus d'eagrais ealaíona.

Tuairisc na Stiúrthóirí

Díbhinní

Níor íocadh nó níor moladh aon dhíbhinní le scairshealbhóirí i gcaitheamh na bliana.

Imeachtaí ó dheireadh na Bliana

Níor tharla aon imeachtaí a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

Taighde agus Forbairt

Ní théann an chuideachta i mbun taighde agus forbairt.

Síntiúis Pholaitíochta

Níor thug an chuideachta aon shíntiúis pholaitíochta gur gá á thuairisciú i gcaitheamh na bliana.

Leas ábhartha na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Chuir an chuideachta agus a máthairchuideachta, Údarás na Gaeltachta, comhaontaithe i gcrích cheana faoinar cheadaigh an tÚdarás maoiniú deontais don chuideachta.

Eisíonn an chuideachta deontais le heagraíochtaí agus le tionscnaimh ealaíne atá i dteideal na ndeontas sin mar chuid de ghnáthimeachtaí na cuideachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh leas ag stiúrthóirí agus ag fostaithe na cuideachta sna heagraíochta agus / nó na tionscnaimh ealaíne sin.

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí nó ag an rúnaí a bhí i seilbh oifige ag 31ú Nollaig 2022 i scaireanna na cuideachta nó san mháthair chuideachta.

Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh a ghlacann leis go leanfaidh an chuideachta de bheith ann go ceann i bhfad. Braitheann bailíocht an tuiscint seo, cosúil le go leor eile san earnáil seo, ar chumas na cuideachta tacaíocht airgeadais leanúnach a fháil ón gComhairle Ealaíon, Údarás na Gaeltachta agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le linn an choir chun donais eacnamaíochta gan fasach a d'eascair as COVID-19 paidéim mar atá mínithe sna nótaí leis na ráitis airgeadais. D'ullmhaigh na stiúrthóirí réamh-mheastacháin ar sruth airgid don tréimhse 2023 a thugann le fios go bhfuil sruth airgid leordhóthanach ann leis na tuiscintí bunúsacha iontu.

Tá na stiúrthóirí sásta go leanfar den tacaíocht a theastaíonn agus creideann siad go bhfuil sé oiriúnach mar sin na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta atá tógtha ag na Stiúrthóirí le riachtanais alt 281 go 285 d'Acht um Chuideachta, 2014 a chomhlíonadh ó thaobh leabhair chuntais cheart ná cur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na modhanna chun beartais a thaifead, foireann chuntasaíochta a bhfuil taithí fhoirstineach acu a fhostú agus a dhóthain acmhainní a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá leabhair chuntais na cuideachta á gcoinneáil ag oifig Údarás na Gaeltachta, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Tuairisc na Stiúrthóirí

Faisnéis ábhartha do na hiniúcháirí

Maidir le gach duine atá ina stiúrthóir ar an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais de réir Alt 332 d'Acht na gCuideachtaí, 2014:

- a) a mhéid is eol do gach stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha nach bhfuil iniúcháirí na cuideachta ar an eolas fúithi; agus
- b) tá gach beart déanta ag na stiúrthóirí ar cheart dóibh a bheith déanta acu ina cáil mar stiúrthóir chun iad féin a chur ar an eolas faoi fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus lena chinntiú go bhfuil iniúcháirí ar an eolas faoi an fhaisnéis sin.

Iniúcháirí

Tá Gilroy Gannon, Cuntasóirí Cáirte agus Iniúcháirí Cláraithe, sásta fanacht in oifig faoi alt 383(2) d'Acht um Chuideachta, 2014.

Tá an tuairisc seo ceadaithe ag an mBord Stiúrtha agus sínithe ar an 23ú Lúnasa 2023
thar a gceann ag:

DocuSigned by:

A2AE801E2049468...
Siubhán Nic Grianna
Stiúrthóir

DocuSigned by:

89125D1A168D48E...
Miriam Ní Néill
Stiúrthóir

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuairisc Bliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

De réir Dlí Chuideachta na hÉireann, tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí ráiteas airgeadais a ullmhú do gach aon bhliain airgeadais. Chinn na stiúrthóirí, de réir an dlí, na cuntais a ullmhú de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus Cuid 1A den Chaighdeán sin, eisithe ag an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, a chur i bhfeidhm. De réir dlí na gCuideachtaí ní féidir leis na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú muna bhfuil siad sásta go dtugann na ráitis airgeadais sin léargas atá fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid ghnó na cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar a brabús nó a caillteanas don bhliain sin agus muna gcomhlíonann siad forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus iad ag ullmhú na ráitis sin, tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí:

- Polasaithe cuntasafóichta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama.
- A rá cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán airgeadais cuí, na caighdeán airgeadais sin a shonrú agus cúis agus tionchar aon imeacht ábhartha ó na caighdeán sin a nótaíl
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnó leantach muna bhfuil sé neamhoiriúnach a bheith ag glacadh leis go leanfar de ghnó an Bhoird.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid chuntais leordhóthanach a mhíniú agus a choinníonn taifead ar bhearta na cuideachta, sa dóigh is gur féidir luach na sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a aimsiú ag leibhéal réasúnta cruinnis, sa dóigh is gur féidir cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuairisc na stiúrthóirí forálacha Acht na gCuideachtaí 2014 agus sa dóigh is gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh. Is é a gcúram fosta sócmhainní na cuideachta a choimhead agus, mar sin de, iarracht réasúnta a thabhairt nach ndéanfaí calaois nó rud ar bith eile in éadan an dlí.



**Gilroy
Gannon**

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleách do bhaill

- ▲ Chartered Accountants
- ▲ Registered Auditors
- ▲ Taxation Consultants
- ▲ Corporate Finance
- ▲ Insolvency Specialists

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Ealaín (na Gaeltachta) Teo. don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022 comhdhéanta de Cuntas ar Bhrabús agus Caillteanas, Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 3. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann. Baineadh úsáid as Alt 1A den Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais sin.

Is í ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar na sócmhainní, dliteanais agus ar staid chúrsaí reatha na cuideachta ag 31ú Nollaig 2022 agus ar a thorthaí don bhliain dar chríoch ar an dáta sin, agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais, go cuí, de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús lenár dtuairim

Chuir muid ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar an fhreagracht atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid *Na freagrachtaí atá ar an Iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais* dár dtuarascáil. Tá muid neamhspleách ar an chuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanann muid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creideann muid go bhfuair muid fianaise iniúchta leordhóthanach agus ábhartha le bunús a thabhairt dár dtuairim.

Cosúil le go leor gnólachtaí eile de mhéid agus nádúr ullmhaíonn iniúcháirí na cuideachta agus cuireann siad tuairisceáin chomhlíonta bliantúla chuig Oifig na gCuideachtaí agus cabhraíonn siad le hullmhú na ráiteas airgeadais.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaitníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaráítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspléach do bhaill (ar lean)

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an fhaisnéis eile. Cuimsítear leis an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúcháir uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuairamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndearraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

Nithe a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí 2014

Is í ár dtuairim, bunaithe ar an obair a rinne muid mar chuid dár n-iniúchadh agus ar an obair sin amháin, tuairiscíonn muid:

- An t-eolas atá tugtha i dTuairisc na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, agus
- Tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme

Fuair muid an t-eolas agus na mínithe ar fad a bhí riachtanach, dar linn, chun críche ár n-iniúchta.

Is í ár dtuairim go raibh leabhair chuntas na cuideachta leordhóthanach le go bhféadfaí ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht lena bhfuil i dtaifid chuntais na cuideachta.

Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt ina dtaobh ar bhonn eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas na stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé de dhualgas orainn faoi Alt 305 go Alt 312 den Acht tuairisc a thabhairt daoibh, más amhlaidh, dar linn, nach ndearnadh an nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí. Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Tuairisc an Iniúcháir Neamhspléach do bhaill (ar lean)****Freagrachtaí faoi seach****Freagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis na ráitis airgeadais**

Mar atá mínithe ar bhonn níos iomláine i Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí leagtha amach ar leathanach 5 tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugann siad léargas atá fíor agus cóir, agus as cibé rialú inmheánach a chinneadh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtheadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasafóichta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalafóich acu ach é sin a dhéanamh.

Na freagrachtaí atá ar an iniúcháir as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúcháir a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfai a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAs (Éire), feidhmímid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Freisin tá orainn:

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí sin, agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaiois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a thabhairt ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóichta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasafóichta agus nochtheadh gaolmhar a rinne na stiúrthóirí.
- Cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht úsáid na stiúrthóirí ar bhonn gnóthas leantach na cuntasafóichta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. . Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dúinn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúcháir ar na nochtuíthe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtheadh sin, ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil ár n-iniúcháir. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara go scoirfidh an chuideachta de bheith ina gnóthas leantach.


Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaimid cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus clár ama pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus an té a bhfuil muid freagrach dó

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid baill na cuideachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Cuireadh ár gcuid oibre iniúcháireachta i gcrích ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúcháir agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángthamar.



Cathal O' Dónaill
Gilroy Gannon
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháir Cláraithe
Sráid Stiofáin
Sligeach

23ú Lúnasa 2023

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Cuntas ar Bhrabús agus Caillteanas
don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2022**

	<u>Nóta</u>	2022 €	2021 €
Láimhdeachas	4	1,699,990	1,183,374
Íocaíochtaí Deontais agus Tograí		<u>(1,119,687)</u>	<u>(763,040)</u>
Oll Bhrabús		580,303	420,334
Barrchostais agus Riaracháin		<u>(580,803)</u>	<u>(420,334)</u>
Brabús Glan ar gnáth imeachtaí	5	-	-
Cáin ar bhrabús glan	8	-	-
Brabús tar éis cáin don bhliain airgeadais		-	-
Caillteanas carnaithe ag tús na bliana airgeadais		<u>(2,130,295)</u>	<u>(2,130,295)</u>
Caillteanas carnaithe ag deireadh na bliana airgeadais		<u>(2,130,295)</u>	<u>(2,130,295)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí atá leagtha amach ar leathanach 12 go 23.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Clár Comhardaithe

ag 31ú Nollaig 2022

	<u>Nóta</u>	€	2022 €	2021 €
Sócmhainní Dochta				
Sócmhainní Inláimhsithe	9		0	0
Sócmhainní Reatha				
Féichiúnaithe	10	15,913		19,913
Airgead sa bhanc agus ar láimh		1,624,701		1,856,798
		<u>1,640,614</u>		<u>1,876,711</u>
Creidiúnaithe				
Iníoctha taobh istigh de bhliain	11	<u>(1,612,896)</u>		<u>(1,848,993)</u>
Glansócmhainní Reatha			<u>27,718</u>	<u>27,718</u>
Glansócmhainní			<u>27,718</u>	<u>27,718</u>
Caipiteal agus Cúlchiste				
Scairchaipitil	15	2,153,375		2,153,375
Cuntas Scairphréimhe	16	4,638		4,638
Cuntas ar Brabús & Cailteanas	16	(2,130,295)		(2,130,295)
Ciste na Scairshealbhóirí			<u>27,718</u>	<u>27,718</u>

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir fhorálacha Réim Rialála na gComhlachtaí Beag

Tá an tuairisc seo ceadaithe ag an mBord Stiúrtha agus sínithe ar an 23ú Lúnasa 2023 thar a gceann ag:

DocuSigned by:

 A2AE681F2043408
Siubhán Nic Grianna
Stiúrthóir

DocuSigned by:

 8B425D4A16DD48F...
Miriam Ní Néill
Stiúrthóir

Is cuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí atá leagtha amach ar leathanach 12 go 23.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2022

Nóta 1 – Eolas Ginearálta

Tá an Chuntas ar Bhrabús agus Caillteanas, Clár Comhardaithe agus na Nótaí gaolmhara leis na cuntais mar pháirt do na ráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2022. Is cuideachta dliteanais teoranta í Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta atá corpraithe i bPoblacht na hÉireann (Uimhir CRO 276926). Is ag Na Forbacha, Co. Na Gaillimhe atá a hOifig Chláraithe agus a sheoladh gnó. Tá imeachtaí an chuideachta leagtha amach i dTuairisc na Stiúrtheoirí.

Nóta 2 – Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ullmháodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus Cuid 1A den Chaighdeán sin a chur bhfeidhm.

Nóta 3 - Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta seo leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmach ag déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an chuideachta.

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmháodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 (An tAcht) agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 an caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann eisthe ag an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Is ionann agus cuideachta bheag í an chuideachta de réir Alt 280A den Acht, don bhliain airgeadais, agus tá fóralacha Réim Rialála na gComhlachtaí Beag curtha i bhfeidhm de réir Alt 280C den Acht agus de réir Alt 1A de FRS 102.

Tuairiscítear na ráitis airgeadais na cuideachta in Euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

Breithiúnais agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin

Measann na stiúrthóirí gurb iad na meastacháin chuntasaíochta agus na boinn tuisceana thíos a mheastacháin agus a bhreithiúnais chriticiúla chuntasaíochta.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022****Gnóthas Leantach**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh a ghlacann leis go leanfaidh an chuideachta de bheith ann go ceann i bhfad, ag cur impleachtaí Phaindéimeach COVID-19 san áireamh.

D'ullmhaigh na stiúrthóirí buiséid agus sruth airgid don tréimhse 2023 a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta a dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo measann na stiúrthóirí gur chuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuimsíonn na ráitis airgeadais seo aon athruithe ar mhéideanna iompair agus ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Ioncam

Is ionann ioncam agus deontais a fuarthas ó Údarás na Gaeltachta, ón Chomhairle Ealaíon, ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus ranna rialtais eile. Aistrítear na deontais go dtí an Cuntas ar Bhrabús agus Caillteanas de réir an bhunúis atá leagtha síos ag gach eagraíochta maoinithe faoi seach.

Cánachas

Bunáitear an cánachas bliantúil ar an bhrabús don bhliain agus úsáidtear rátaí cánach i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe lena chomhairiú.

Sócmhainní Dochta Inláimhsithe

Comhairítear sócmhainní dochta inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carnach.

Dímheas

Gearrtar dímheas ar shócmhainní dochta inláimhsithe, ag rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luach a dhíscríobh lúide iarmharluach measta gach sócmhainn faoin modh na líne dírlí thar a saol úsáideach measta, go córasach, mar leanas:

Trealamh Ríomhaireachta	-	33.3% modh líne dírlí
-------------------------	---	-----------------------

Deontais Rialtais

Aithnítear deontais caipitiúla ag Luach cóir na socmhainne infhála ag baint úsáide as an modh fabhráithe nuair a bhíonn dearbhú réasúnta ann go bhfaightear an deontas agus go gcomhlíonfar gach coinníoll a ghabhann leis. Scaoilfear deontais i leith caitheachais ioncaim chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear an caitheachas gaolmhar.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022****Ionstraim Airgeadais***Gnáth scairchaipiteal*

Cuirtear Gnáth scairchaipiteal na cuideachta i láthair mar ghnáthscair

Airgead Tirim agus a Chomhionann

Is ionann airgead tirim agus airgead ar láimh móide taiscí éilimh

Pleananna Ranníocaíochta Sainithe

Feidhmíonn an chuideachta scéim ranníocaíochta shainithe, gearrtar ranníocaíochtaí sochair scoir i leith na scéime dífhostaithe ar an gcuntas bhrabúis agus caillteanais de réir mar a bhíonn siad iníoctha de réir rialacha na scéime. Déantar sócmhainní na scéime a dheighilt ó shócmhainní na cuideachta i gceiste a riartar go neamhspleách.

Nóta 4 - Láimhdeachas

Eascraíonn Láimhdeachas ó:	2022	2021
	€	€
Údarás na Gaeltachta	543,164	407,884
An Chomhairle Ealaíon	552,432	390,543
Scéim na nEalaín Dúchasacha – An Roinn TCEGSM	529,204	298,602
An Roinn TCEGSM – Comhdháil BIC	34,044	-
Gaillimh 2020	-	-4,712
Éire Ildánach	-	64,414
Comhairle Contae Dhún na nGall	-	3,000
Ceangal Dolen II	-	3,978
	1,658,844	1,163,709
Táillí scoile	41,146	19,665
	1,699,990	1,183,374

Síolraíodh an láimhdeachas uilig ó imeachtaí i bPoblacht na hÉireann

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022****Nóta 5 – Brabús / (Caillteanas) ar ghnáth-imeachtaí**

Brabús / (Caillteanas) ar ghnáth-imeachtaí roimh cháin leagtha amach i ndiaidh na gcostas a leanas a ghlacadh san áireamh:

	2022	2021
	€	€
Dímheas Sócmhainní Dochta	-	437
Táillí Iniúcháora	12,500	7,500
Táillí Iniúcháora – seirbhísí eile	923	-
	<u> </u>	<u> </u>

Nóta 6 – Líon agus costas foirne

Léiríonn anailís ar mheánlíon na bhfostaithe sa chuideachta, de réir catagóire, sa bhliain airgeadais, gan stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, ar na torthaí a leanas:

	2022	2021
Áisitheoirí Ealaíona	3	3
Oifigigh Forbartha	3	2
Teagascóirí - páirt-aimseartha	17	10
Riarthóir	1	1
	<u> </u>	<u> </u>
	24	16
	<u> </u>	<u> </u>

Costais chomhiomlán phárolla na bhfostaithe seo don bhliain:

	2022	2021
	€	€
Pá	393,598	319,229
Costas leasa-shóisialaigh	37,102	33,362
Costas pinsin (Féach Nóta 12)	6,831	4,798
	<u> </u>	<u> </u>
	437,531	357,389
	<u> </u>	<u> </u>

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022****Nóta 7 –Luach Saothair Stiúrthóra:**

Ní bhfuair na stiúrthóirí aon luach saothair ón chuideachta sa bhliain.

Íocadh na méideanna seo a leanas leis na stiúrthóirí:

	2022	2021
	€	€
Costais taistil agus cothabháil	1,593	1,557

Nóta 8 – Cáin ar Bhrabús Glan

Ní ghearrfar cáin chorparáide ar thorthaí na bliana reatha de dheasca caillteanais carnaithe tugtha ar aghaidh.

Nóta 9 - Sócmhainní dochta inláimhsithe

	Trealamh	Iomlán
Costas	€	€
Ag 1ú Eanáir 2022	4,815	4,815
Breiseanna	0	0
Ag 31ú Nollaig 2022	4,815	4,815
Dímheas		
Ag 1ú Eanáir 2022	4,815	4,815
Dímheas don bhliain	0	0
Ag 31ú Nollaig 2022	4,815	4,815
Glan-Luach leabhair		
Ag 31ú Nollaig 2022	0	0
Ag 31ú Nollaig 2021	0	0

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022**

Nóta 10 – Féichiúnaithe	2022	2021
	€	€
Deontais infhaighte	15,913	19,913
	<u>15,913</u>	<u>19,913</u>

Glacann féichiúnaithe eile san áireamh deontais ceadaithe ach nach bhfuil faighte fós ag dáta an Chlár Chomhardaithe.

Nóta 11 - Creidiúnaithe infochta taobh istigh de bhliain	2022	2021
	€	€
Creidiúnaithe trádála	7,858	840
Creidiúnaithe eile (IMAT/ASPC san áireamh)	13,033	13,751
Fabhráithe	12,500	7,500
Deontais larchurtha (Féach Nóta 13)	1,579,505	1,826,902
	<u>1,612,896</u>	<u>1,848,993</u>
Iomlán na gCreidiúnaithe le díol sa bhliain reatha	1,612,896	1,848,993

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022**

Nóta 12 – Eolas i dtaca le Pinsin	2022	2021
<i>Costas pinsin:</i>	€	€
Ranníocaíochtaí i leith scéim pinsin	<u>6,831</u>	<u>4,798</u>

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsean ranníocaíochta shainithe, maoinithe go seachtrach a mbaineann roinnt de fostaithe na cuideachta leas as. Déantar sócmhainní na scéime a dheighilt ó shócmhainní na cuideachta i gciste atá a riaradh go neamhspleách.

Nóta 13 – Deontais Iarchurtha

	Fuilleach ag 1ú Ean 22	Deontais Faighte	Deontais 2021 Infhaighte	Deontais 2022 Infhaighte	Aistriú chuig Brabús nó Caillteanas	Fuilleach ag 31ú Nol 22
	€	€	€	€	€	€
Údarás na Gaeltachta	228,513	500,000	-	-	(543,164)	185,349
An Chomhairle Ealaíon	870,264	794,000	(4,000)	-	(552,432)	1,107,832
Roinn TCEGSM - Ealaín	710,683	85,000	-	-	(529,204)	266,479
Dúchasacha						
Roinn TCEGSM -	-	36,447	-	-	(34,044)	2,403
Comhdháil BIC						
Ciste Ceiliúrtha 2016	9,653	-	-	-	-	9,653
Garraí an Ghiorra	1,497	-	-	-	-	1,497
Ceangal Dolen II	6,292	-	-	-	-	6,292
Iomlán	1,826,902	1,415,447	(4,000)	-	(1,658,844)	1,579,505

Nóta 14 – Deontais Geallta

Tá deontais do thograí ceadaithe ag na stiúrthóirí ag 31ú Nollaig 2022 nach bhfuil curtha san áireamh go fóill sna cuntais, mar atá leagtha amach thíos:

	2022	2021
	€	€
Príomhréimsí/Cothú	188,000	132,445
Scéim Forbartha	302,394	302,592
Sparánachtaí	279,423	221,310
Féilte	134,000	110,450
Scéim Nóta	2,000	7,460
Scéim Neartú	103,477	115,141
Oíche Chultúr / Cuisle	13,340	8,775
Iomlán ag 31ú Nollaig	<u>1,022,634</u>	<u>898,173</u>

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022**

Nóta 15 – Scairchaipiteal Glaoite	2022	2021
<i>Údaraithe</i>	€	€
2,000,000 gnáthscair ag €1.25 an ceann	2,500,000	2,500,000
Eisithe, glaoite agus íoctha in iomlán		
1,722,700 gnáth scair ag €1.25 an ceann	2,153,375	2,153,375

Nóta 16 – Cúlchistí

Léiríonn an cuntas brabúis agus caillteanais gnóthachain agus caillteanais charnaithe a aithnítear sa chuntas brabúis agus caillteanais, glan ó aistrithe chuig / ó chúlchistí agus díbhinní eile a íocadh.

Nóta 17 – Dliteanais theagmhasacha

Tá na deontais go léir inaisíoctha mura gcomhlíontar coinníollacha na gcomhaontais Deontais.

Nóta 18 – Imeachtaí tar éis deireadh na bliana

Ní raibh aon imeachtaí ag dul i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31ú Nollaig 2022****Nóta 19 – Idirbhearta páirtithe gaolmhara**

I rith na bliana airgeadais rinne an chuideachta na hidirbhearta seo a leanas le páirtithe gaolmhara:

	Luach na n-idirbheart		Iarmhéid dlite	
	2022	2021	2022	2021
	€	€	€	€
Údarás na Gaeltachta	<u>665</u>	<u>720</u>	<u>0</u>	<u>0</u>

Chuir an chuideachta agus a máthairchuideachta, Údarás na Gaeltachta comhaontaithe i gcrích cheana faoinar cheadaigh an tÚdarás maoiniú deontais don chuideachta.

Tugann Údarás na Gaeltachta tacaíocht do Ealaín (na Gaeltachta) Teo i bhfoirm fostaithe, saoraidí agus barrchostais ar luach measta ag €180,000 (2021: €150,000).
Níl na costais seo léirithe sna ráitis airgeadais.

Nóta 20 – Caighdeán eiticiúla

Úsáideann muid ár n-iniúcháirí le tuairisceáin chánacha a ullmhú agus a chuir faoi bhráid na n-údarás cánach agus le cuidiú linn ár gcuntais airgeadais a ullmhú agus caiteachas a dhearbhu chuig na foinsí deontais mar a dhéanann mórán gnóthaí eile dá méid agus dá gcinéal.

Nóta 21 - Páirtí Rialúcháin

Is fo-chomhlacht faoi lánúineireacht Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe é seo. Is é an tÚdarás an bunpháirtí rialúcháin.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31 Nollaig 2022****Nóta 22 Gníomhaireacht Státurraithe****Gníomhaire**
Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighte san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

Údarás na GaeltachtaCostais tacaíochta, Príomhréimsí Féilte,
Spáranachtaí, Comharsain Cheilteachta,
Síol agus Scéim na nEalaín DúchasachaChun na costais tacaíochta agus iarratais ar dheontais
le tionscnamh éagsúla a airgeadú.

€500,000

1ú Eanáir 2022 go 31ú Nollaig 2022

€500,000

€543,164

€185,349

€0

Chun na healaíona dúchasacha agus comhaimseartha
a fhorbairt i reigiúin Gaeltachta na hÉireann amháin
trí chláir dheontais a mhaoíonn an Chomhairle Ealaíon
agus Údarás na Gaeltachta go príomha.**Gníomhaire**
Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighte san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

An Chomhairle EalaíonCostais tacaíochta, Príomhréimsí, Féilte,
Spáranachtaí, Comharsain Cheilteachta,
SíolChun na costais tacaíochta agus iarratais ar dheontais
do tionscnamh éagsúla a airgeadú.

€525,000

1ú Eanáir 2022 go 31ú Nollaig 2022

€525,000

€532,432

€842,832

€0

Chun na healaíona dúchasacha agus comhaimseartha
a fhorbairt i reigiúin Gaeltachta na hÉireann amháin
trí chláir dheontais a mhaoíonn an Chomhairle Ealaíon
agus Údarás na Gaeltachta go príomha.**Gníomhaire**
Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighte san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

An Chomhairle EalaíonCostais tacaíochta, Príomhréimsí, Féilte,
Spáranachtaí, Comharsain Cheilteachta,
SíolChun na costais tacaíochta agus iarratais ar dheontais
do tionscnamh éagsúla a airgeadú.

€750,000

1ú Eanáir 2023 go 31ú Nollaig 2023

€245,000

€0

€245,000

€0

Chun na healaíona dúchasacha agus comhaimseartha
a fhorbairt i reigiúin Gaeltachta na hÉireann amháin
trí chláir dheontais a mhaoíonn an Chomhairle Ealaíon
agus Údarás na Gaeltachta go príomha.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31 Nollaig 2022****Gníomhaire**

Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighite san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Deontais infhaighte

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

An Chomhairle Ealaíon

Deontas Forbairt Cumais

Cláir chultúrtha dhúchasacha a mhaoiniú.

€20,000

2021/2022

€4,000

€0

€0

€20,000

€0

Go hiomlán chun na cláir atá leaghta amach
sna comhaontuithe maoinithe a mhaoiniú.**Gníomhaire**

Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighite san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Deontais infhaighte

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

An Chomhairle Ealaíon

Oíche Chultúr

Cláir chultúrtha dhúchasacha a mhaoiniú.

€20,000

2021/2022

€20,000

€20,000

€0

€0

€0

Go hiomlán chun na cláir atá leaghta amach
sna comhaontuithe maoinithe a mhaoiniú.**Gníomhaire**

Clár Deontais

Cuspóir Deontais

Deontas Iomlán

Téarma

Faighite san bhliain go 31/12/22

Deontais aitheanta mar ioncam 2022

Ioncam iarchurtha ag 31/12/22

Deontas Caipiteach

Srian ar úsáid

An Roinn TCEGSM

Scéim Maoinithe Ealaín Don Óige

Cláir chultúrtha sna healaíona dúchasacha don óige a mhaoiniú.

€85,000

2021/2022

€85,000

€529,204

€266,479

€0

Go hiomlán chun na cláir atá leaghta amach sna
comhaontuithe maoinithe a mhaoiniú.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain
dár chríoch 31 Nollaig 2022**

Gníomhaire	An Roinn TCEGSM
Clár Deontais	Comhdháil BIC
Cuspóir Deontais	Comhdháil BIC
Deontas Iomlán	€36,447
Téarma	2022
Faighte san bhliain go 31/12/22	€36,447
Deontais aitheanta mar ioncam 2022	€34,044
Ioncam iarchurtha ag 31/12/22	€2,403
Deontas Caipiteach	€0
Srian ar úsáid	Maoiniú ar tionscnamh BIC

Nóta 23 - Faombadh Ráitis Airgeadais

D'aontaigh an Bord Stiúrtha na ráitis airgeadais seo ar an 23ú Lúnasa 2023.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

Bliain dar chríoch 31ú Nollaig 2022

Eolas Breise

Níl an t-eolas a leanas ina chuid de na cuntais iniúchta reachtúla – níl sé san áireamh ach amháin ar mhaithe le heolas bainistíochta.

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**Cuntas Sonrach ar Bhrabhús agus Caillteanas
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2022**

	2022	2021
	€	€
Ioncam		
Údarás na Gaeltachta	543,164	407,884
An Chomhairle Ealaíon	552,432	390,543
Scéim na nEalaín Dúchasacha – An Roinn TCEGSM	529,204	298,602
Roinn TCEGSM – Comhdháil BIC	34,044	-
Gaillimh 2020	-	(4,712)
Éire Ildánach	-	64,414
Comhairle Contae Dhún na nGall - Comhdháil	-	3,000
Ceangal Dolen II	-	3,978
	<u>1,658,844</u>	<u>1,163,709</u>
Táillí scoile	41,146	19,665
	<u>1,699,990</u>	<u>1,183,374</u>
<u>Loaíochtaí Deontais agus Tograí</u>		
Príomhréimsí	-	7,000
Cothú	250,400	183,753
Scéim Forbartha	141,336	92,151
Siol	44,620	32,570
Féilte	83,200	78,300
Sparánachtaí	276,868	118,948
Scéim Nóta	19,070	4,000
Scéim na nEalaín Dúchasacha	244,319	150,379
Na Comharsain Cheilteacha	5,000	5,000
Oíche Chultúir	20,830	16,250
Gaillimh 2020	-	3,297
Éire Ildánach	-	64,414
Ceangal Dolen II	-	6,978
Comhdháil BIC	34,044	-
	<u>1,119,687</u>	<u>763,040</u>
Iomlán		
	<u>1,119,687</u>	<u>763,040</u>
Oll Bhrabhús	580,303	420,334
Forchostais		
Barrchostais agus Riaracháin	<u>(580,303)</u>	<u>(420,334)</u>
Brabhús Glan don bhliain	<u>-</u>	<u>-</u>

Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta

	2022	2021
	€	€
Barrchostais agus Riaracháin		
Tuarastail agus ASPC - Áisitheoirí Ealaíona	146,901	187,016
Tuarastail agus ASPC- Scéim na nEalaín Dúchasacha	283,799	165,575
Pinsin	6,831	4,798
Costais oiliúna	2,320	5,040
Árachas	2,910	2,378
Bogábhar agus Idirlín	2,045	780
Fógraíocht	29,794	21,217
Taille d'Fhorbairt Straitéis nua	33,839	-
Teileafón	928	720
Costas Taistil	3,205	
Costas Taistil – Scéim na nEalaín Dúchasacha	23,162	2,314
Costais taistil agus cothabháil – stiúrtóirí	1,593	1,557
Cuntasaíocht	1,171	-
Táillí Iniúchta	13,423	7,500
Táillí Baine	2,043	342
Ilnithe	11,562	3,230
Aistriúcháin	170	-
Costais Cruinnithe	3,045	87
Staidéar Féidearthachta	11,562	17,343
Dímheas ar Threalamh	-	437
Iomlán	<u>580,303</u>	<u>420,334</u>

Ealain (na Gaeltachta) Teo - 2022						
Anailís ar Ioncam agus Caiteachas						
	Údair na Gaeltachta	An Chomhairle Ealaíon	Ealain Duchasacha	An Roinn Comhdháil BIC	2022 Ionlán	2021 Ionlán
Donais	531,602	532,432	529,204		1,599,238	1,146,366
Oide Chultúir	-	20,000			20,000	
Staidéir Féideartha	11,562			34,044	11,562	17,343
An Roinn - Comhdháil					34,044	
<i>Ioncam Eile</i>						
Taili seold			41,146		41,146	19,666
Ioncam Ionlán	543,164	552,432	570,350	34,044	1,699,990	1,183,375
<i>Caiteachas Deontais</i>						
Priomaircistí						7,000
Codú 2019	124,200	125,200	-		250,400	183,733
Séim Forbartha na nEalaíon	70,668	70,668	-		141,336	92,151
Síol	22,310	22,310	-		44,620	32,570
Fáite	41,600	41,600	-		83,200	78,300
Sparaidachas	138,434	138,434	-		276,868	118,948
Séim Nua			19,070		19,070	4,000
Séim na nEalaíon Duchasacha	-	-	213,520		213,520	137,737
<i>Eire Cruilaithe</i>						63,664
Staitéis d'Ealain Teangabhartha						750
Celtic Neighbours	2,500	2,500	-		5,000	5,000
Oide Chultúir	-	20,830	-		20,830	16,250
Gallainn 2020	-	-	-		-	3,297
Séim Neartú	-	-	30,799		30,799	12,642
Ceangal Dóen II	-	-	-		-	6,978
Comhdháil BIC	-	-	-		-	-
Ionlán na nDeontas	400,712	421,542	263,389	34,044	1,119,687	763,040
<i>Comair Teicneolaíochta</i>						
Pá agus Tuairimail - Áistheoirí Ealaíona	73,451	73,451	-		146,901	187,016
Pá agus Tuairimail - Séim na nEalaíon Duchasacha	-	-	283,799		283,799	165,575
Páin	3,416	3,416	-		6,831	4,798
Oiliúint	1,160	1,160	-		2,320	5,040
Ánchas	1,455	1,455	-		2,910	2,378
Bogábhar agus Idirlín	1,023	1,023	-		2,045	780
Pogairíocht & Margaidh	14,897	14,897	-		29,794	21,217
Tailte Straitéis	16,920	16,920	-		33,839	-
Tailte	464	464	-		928	720
Comair Tairtí	1,603	1,603	-		3,205	-
Comair Tairtí - Ealaíon Duchasacha	-	-	23,162		23,162	2,314
Comair Tairtí - áistheoirí	797	797	-		1,593	1,558
Curtaslocht agus Tállí Iníúcha	7,297	7,297	-		14,594	7,500
Taili Banc	1,021	1,021	-		2,042	342
Ilbheir	5,781	5,781	-		11,562	3,250
Aistriúcháin	85	85	-		170	-
Staidéir Féideartha	11,562	-	-		11,562	17,343
Comair Chruinnithe	1,523	1,523	-		3,045	87
Dinheas	-	-	-		-	437
Ionlán na gComair Tuairimail	142,452	130,890	306,961	-	580,302	420,355
<i>Fuileach don bhliain</i>	1	1	0	-	1	1